EORAIP NA CRUTHAITHEACHTA (2014-2020)

An Fochlár Cultúir

Gairm tograí

Gairm tograí – EACEA 34/2018: Tacaíocht do thionscadail chomhair Eorpacha, 2019

RABHADH:

Tá an ghairm tograí seo faoi réir cistí a bheith ar fáil tar éis don údarás buiséadach an buiséad don bhliain 2019 a ghlacadh.

1. Réamhrá

Tá an ghairm seo bunaithe ar Rialachán Uimh. 1295/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le Clár Eoraip na Cruthaitheachta (2014 go 2020) a bhunú [1]agus ar a cheartúchán an 27 Meitheamh 2014[2] agus an 18 Aibreán 2018[3], dá ngairtear 'an Rialachán' anseo feasta.

Tá cuspóirí ginearálta agus cuspóirí sonracha Chlár Eoraip na Cruthaitheachta agus tosaíochtaí an Fhochláir Cultúir liostaithe in Airteagail 3, 4, 12 agus 13 den Rialachán.

2. Cuspóirí agus tosaíochtaí

Is iad seo a leanas na príomhchuspóirí atá leis an tacaíocht do thionscadail chomhair Eorpacha:

- Treisiú le cumas earnálacha Eorpacha an chultúir agus na cruthaitheachta oibriú go trasnáisiúnta agus go hidirnáisiúnta agus cúrsaíocht thrasnáisiúnta saothar cultúrtha agus cruthaitheach a chur chun cinn mar aon le soghluaisteacht trasnáisiúnta oirfideach cultúir agus cruthaitheachta, ealaíontóirí go háirithe;

- Cur le forbairt an lucht féachana/éisteachta trí dhul i gcion air ar bhealaí nuálacha nua agus feabhas a chur ar rochtain ar shaothair chultúir agus chruthaitheacha san Aontas agus lasmuigh de, agus aird ar leith á tabhairt ar leanaí, ar dhaoine óga, ar dhaoine faoi mhíchumas agus ar ghrúpaí atá faoi thearcionadaíocht;

[1] Foilsíodh Rialachán Uimh. 1295/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clár Eoraip na Cruthaitheachta a bhunú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh an 20/12/2013 (IO L 347, lch. 221).

[2] Arna fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh an 27/06/2014 (IO L 189/260).

[3] Arna fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh an 23/04/2018 (IO L 103).

- Cur le nuálaíocht agus le cruthaitheacht i réimse an chultúir, mar shampla, trí shamhlacha nua gnó a thástáil agus trí iarmhairtí nuálacha d'earnálacha eile a chur chun cinn.

D'fhonn na cuspóirí seo a bhaint amach, dírítear sa ghníomhaíocht ar na tosaíochtaí seo a leanas:

- Soghluaisteacht thrasnáisiúnta ealaíontóirí agus gairmithe a chur chun cinn d'fhonn iad a chumasú le dul i mbun comhar idirnáisiúnta agus a ngairmeacha beatha a idirnáisiúnú;

- Treisiú le forbairt an lucht féachana/éisteachta mar mhodh chun feabhas a chur ar rochtain ar shaothair chultúir agus chruthaitheacha Eorpacha agus ar oidhreacht chultúir inbhraite agus dhobhraite na hEorpa agus rochtain mhéadaithe ar shaothair chultúir a thabhairt do leanaí, do dhaoine óga, do dhaoine faoi mhíchumas agus do ghrúpaí atá faoi thearcionadaíocht;

- Forbairt cumais a chothú trí chineálacha nuálacha cur chuige a ghlacadh i leith samhlacha nua nuálacha ioncaim, bainistíochta agus margaíochta a chruthú, a fhorbairt agus a thástáil d'earnálacha an chultúir, go háirithe maidir leis an aistriú digiteach, agus scileanna nua a fhorbairt do ghairmithe cultúir;

- Idirphlé idirchultúrtha a fheabhsú agus comhluachanna an Aontais Eorpaigh agus comhthuiscint agus cóimheas ar chultúir eile a chur chun cinn, agus rannchuidiú á dhéanamh dá réir le himeascadh sóisialta imirceach agus dídeanaithe;

- Mar oidhreacht do Bhliain Eorpach na hOidhreachta Cultúir, feasacht a ardú ar stair chomhchoiteann agus ar luachanna comhchoiteanna, agus an mothú go mbainimid le spás comhchoiteann Eorpach a neartú.

3. Critéir incháilitheachta

3.1. Rannpháirtithe agus tíortha incháilithe

Ní mór d'iarratasóirí incháilithe (an ceannaire/comhordaitheoir tionscadail agus na comhpháirtithe) a bheith ina ngníomhaithe cultúir Eorpacha atá gníomhach in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheacha, mar atá sainmhínithe in airteagal 2 de Rialachán Uimh. 1295/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Clár Eoraip na Cruthaitheachta[4], agus ní mór dóibh a bheith bunaithe go dlíthiúil i gceann de na tíortha atá rannpháirteach san Fhochlár Cultúir.

Beidh iarratais ó eintitis dhlíthiúla atá bunaithe i gceann de na catagóirí tíre seo a leanas incháilithe ar an gcoinníoll go gcomhlíontar gach ceann de na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 8 de Rialachán Uimh. 1295/2013 maidir le Clár Eoraip na Cruthaitheachta a bhunú agus go bhfuil an Coimisiún tar éis dul i mbun caibidlíochta leis an tír:

- Na 28 mBallstát den Aontas Eorpach agus tíortha agus críocha thar lear atá incháilithe chun páirt a ghlacadh sa Chlár de bhun Airteagal 58 de Chinneadh 2001/822/CE ón gComhairle[5];

- Tíortha aontacha, tíortha is iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha atá ag baint tairbhe as straitéis réamhaontachais, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta agus leis na téarmaí agus coinníollacha ginearálta le haghaidh rannpháirtíocht na dtíortha sin i gcláir an Aontais Eorpaigh arna mbunú leis na Creat-Chomhaontuithe lena mbaineann, le Cinntí ón gComhairle Comhlachais nó i gcomhaontuithe comhchosúla eile;

- Tíortha de Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa ar páirtithe iad sa Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, i gcomhréir le forálacha an Chomhaontaithe;

[4] Tá teacht ar an mbonn dlí anseo: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32013R1295&from=EN

[5] Cinneadh 2001/822/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2001 maidir le comhlachú na dtíortha agus na gcríoch thar lear leis an gComhphobal Eorpach ("an Cinneadh maidir le Comhlachú Thar Lear") (IO L 314, 30.11.2001, lch. 1).

- Cónaidhm na hEilvéise, ar bhonn comhaontú déthaobhach atá le tabhairt i gcrích leis an tír sin;

- Tíortha atá cumhdaithe le Beartas Comharsanachta na hEorpa i gcomhréir leis na nósanna imeachta a sainíodh leis na tíortha sin de bhun na gcreat-chomhaontuithe lena bhforáiltear dá rannpháirtíocht i gcláir an Aontais Eorpaigh.

Is féidir liosta nuashonraithe de na tíortha atá incháilithe chun páirt a ghlacadh in Eoraip na Cruthaitheachta (iad siúd a chomhlíonann na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 8 de Rialachán Uimh. 1295/2013) agus de thíortha a d'fhéadfadh a bheith incháilithe go luath (iad siúd atá i mbun caibidlíocht leis an gCoimisiún cheana féin) a fháil ag:
https://eacea.ec.europa.eu/creative-europe/library/eligibility-organisations-non-eu-countries_en

Ní mór don cheannaire tionscadail a bheith ar an bhfód mar eintiteas dlíthiúil le 2 bhliain ar a laghad ar an spriocdháta le hiarratais a chur isteach agus ní mór dó/di bheith in ann a léiriú gur duine dlítheanach é/í.

Ní fhéadfaidh daoine nádúrtha iarratas a dhéanamh ar dheontas.

Níor cheart d'iarratasóirí a bheith i gcor ina n-eisiafar iad ó rannpháirtíocht agus/nó ó dhámhachtain mar a shainmhínítear leis an Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais agus lena rialacha cur chun feidhme.

3.2 Tionscadail incháilithe

Ní thabharfar tacaíocht faoin bhFochlár Cultúir do thionscadal ar bith lena gcuirfear ábhar pornagrafach nó ábhar ciníoch chun cinn nó lena molfar dul i mbun foréigin.

Ag brath ar scála, riachtanais, nádúr, cuspóirí agus tosaíochtaí an tionscadail, beidh ar iarratasóirí rogha a dhéanamh agus iarratas a chur isteach faoi Chatagóir 1 – tionscadail chomhair ar scála beag NÓ faoi Chatagóir 2 – tionscadail chomhair ar scála mór.
Dá bhrí sin, ní féidir leis an gceannaire tionscadail dhá iarratas a chur isteach faoin ngairm tograí seo.

In aon chás, ní féidir tionscadal a chur isteach ach faoi aon chatagóir amháin.

Ina theannta sin, ní mór do thionscadail incháilithe:

- i gcás an dá chatagóir, uastréimhse 48 mí a bheith acu (tréimhse incháilitheachta);

- i gcás tionscadail chomhair ar scála beag (Catagóir 1), is é EUR 200 000 an deontas uasta a fhéadfar a iarraidh ón Aontas Eorpach, ar suim í a bheidh cothrom le 60% ar a mhéad de na costais incháilithe iomlána. Ina theannta sin, cuimseoidh tionscadail faoi Chatagóir 1 ceannaire tionscadail incháilithe amháin agus dhá chomhpháirtí incháilithe eile ar a laghad a bhfuil a suíomh dlíthiúil acu i dtrí thír dhifriúla ar a laghad atá páirteach san Fhochlár Cultúir de chuid Eoraip na Cruthaitheachta. Ní mór don cheannaire tionscadail nó do cheann amháin de na comhpháirtithe a suíomh dlíthiúil a bheith acu i gceann amháin de na tíortha incháilithe dá dtagraítear anseo;

- i gcás tionscadail chomhair ar scála mór (Catagóir 2), is é EUR 2 000 000 an deontas uasta a fhéadfar a iarraidh ón Aontas Eorpach, ar suim í a bheidh cothrom le 50% ar a mhéad de na costais incháilithe iomlána. Ina theannta sin, cuimseoidh tionscadail faoi Chatagóir 2 ceannaire tionscadail incháilithe amháin agus cúig chomhpháirtí incháilithe eile ar a laghad a bhfuil a suíomh dlíthiúil acu i sé thír dhifriúla ar a laghad atá páirteach san Fhochlár Cultúir de chuid Eoraip na Cruthaitheachta. Ní mór don cheannaire tionscadail nó do cheann de na comhpháirtithe a suíomh dlíthiúil a bheith acu i gceann amháin de na tíortha incháilithe dá dtagraítear anseo.

Is ar **thionscadal leanúnach AMHÁIN ar a mhéad a dtacófar leis faoi chatagóir 2** a fhéadfaidh aon eagraíocht ar leith gníomhú mar cheannaire tionscadail. Fágann sé sin, i gcás go roghnófar an tionscadal, nach mór don cheannaire tionscadail ar thionscadal leanúnach de chuid chatagóir 2 a chinntiú nach mbeidh aon

fhorluí ann idir tréimhse incháilitheachta an tionscadail leanúnaigh a dtacófar leis agus tréimhse incháilitheachta an tionscadail a ndéanfar iarratas ina leith.

3.3 Gníomhaíochtaí incháilithe

Is féidir tús a chur le gníomhaíochtaí le haghaidh an dá chatagóir tionscadal idir an 1 Meán Fómhair agus an 15 Nollaig 2019 ar a dhéanaí. I gcás ar bith, ní féidir tús a chur le gníomhaíochtaí sula síneoidh an dá pháirtí an comhaontú deontais.

48 mí is ea an tréimhse uasta atá ag tionscadal i gceachtar den dá chatagóir tionscadal.

4. Critéir Dhámhachtana

Déanfar iarratasóirí incháilithe a mheas ar bhonn na gcritéar seo a leanas:

1. Ábharthacht (30):

Déantar meastóireacht sa chritéar seo ar conas a chuirfidh an tionscadal an tosaíocht/na tosaíochtaí roghnaithe beartais chun feidhme, bunaithe ar straitéis réasúnaithe.

2. Cáilíocht an ábhair agus na ngníomhaíochtaí (30)

Faoin gcritéar seo, déantar measúnú ar conas a chuirfear an tionscadal chun feidhme i gcleachtas (cáilíocht na ngníomhaíochtaí agus na dtáirgí insoláthartha, an mhodheolaíocht) agus a fheabhas a oireann na gníomhaíochtaí do chuspóirí an tionscadail.

3. Cumarsáid agus scaipeadh (20)

Faoin gcritéar seo, déantar meastóireacht ar chur chuige an tionscadail maidir lena chuid gníomhaíochtaí agus torthaí a chur in iúl agus a chuid eolais agus eispéireas a chomhroinnt laistigh den earnáil agus i dtíortha eile thar theorainneacha. Is é an aidhm atá ann go mbeadh an tionchar is mó is féidir ag an tionscadal ar leibhéil áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus Eorpacha, agus deimhin a dhéanamh de go mbeidh an tionchar sin inbhuanaithe i ndiaidh shaolré an tionscadail.

4. Cáilíocht na comhpháirtíochta (20)

Faoin gcritéar seo, déantar meastóireacht ar a mhéid a chinnteoidh struchtúr agus bainistíocht an tionscadail cur chun feidhme éifeachtach an tionscadail.

I gcás ar bith agus maidir leis an dá chatagóir tionscadal (tionscadail chomhair mhóra / bheaga), má tá tionscadail le breithniú lena maoiniú, ní mór do na tograí sin tairseach íosta cháilíochta 75/100 pointe a scóráil.

5. Buiséad

Meastar gurb ionann agus EUR 44 659 800 an buiséad iomlán don ghairm tograí seo.

Meastar go ndéanfar leithdháileadh táscach EUR 17.8 milliún (±40% de bhuiséad foriomlán na gníomhaíochta) a chur ar fáil ar mhaithe le hionadaíocht chuí a áirithiú do thionscadail chomhair ar scála beag (Catagóir 1).

Agus beartais agus tosaíochtaí an Choimisiúin Eorpaigh á dtabhairt san áireamh ba cheart, maidir leis an méid atá le leithdháileadh ar na tionscadail chomhair ar scála beag, go leithdháilfí thart ar 25% den mhéid sin ar thionscadail cháilíochtúla ina ndírítear ar imeascadh sóisialta imirceach agus dídeanaithe.

Forchoimeádann an Ghníomhaireacht an ceart gan an t-airgead ar fad atá ar fáil a dháileadh.

6. Spriocdháta le haghaidh iarratas

Ní mór iarratais a chur isteach tríd an gcóras agus an fhoirm iarratais ar líne (r-Fhoirm). Ní mór iad a bheith faighte ag an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin (EACEA) tráth nach déanaí ná an **11/12/2018 ag 12:00 Am Lár na hEorpa/Am Samhraidh Lár na hEorpa (CET/CEST)** (meán lae, am na Bruiséile).

Ní ghlacfar le hiarratais a chuirfear isteach ar shlí ar bith eile.

Cinnteoidh iarratasóirí go soláthrófar gach doiciméad atá iarrtha agus luaite sna r-Fhoirmeacha.

7. Sonraí iomlána

Is féidir téacs iomlán na dtreoirlínte mar aon leis na foirmeacha iarratais a fháil ag an seoladh Idirlín seo a leanas:
https://eacea.ec.europa.eu/creative-europe/funding/support-european-cooperation-projects-2019_en

Ní mór téarmaí uile na dtreoirlínte a chomhlíonadh sna hiarratais agus ní mór iad a chur isteach sna foirmeacha atá tugtha.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, ba chóir dul i dteagmháil le Deasc Eoraip na Cruthaitheachta:
https://ec.europa.eu/programmes/creative-europe/contact_en

Teagmháil laistigh den Ghníomhaireacht:
EACEA-CREATIVE-EUROPE-COOPERATIONPROJECTS@ec.europa.eu